Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach
Corporate Enforcement Authority

**Foirm Tuairisce um Chionta de chuid Earnáil 1 nó 2**

**Is é an cuspóir atá ag an bhFoirm Tuairiscithe seo go gceadófaí:**

**I.** d'**iniúchóir reachtúil** tuairisc a thabhairt, i bhformáid chaighdeánach, don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach más rud é, le linn agus de bhua iniúchadh a bheith á dhéanamh aige/aici go dtagann faisnéis ina s(h)eilbh is cúis le hé/hí do theacht ar an tuairim go bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint gur féidir go ndearna an chuideachta nó oifigeach nó gníomhaire di cion de chuid earnáil 1 nó 2. Tagann an oibleagáid tuairiscithe sin chun cinn faoi alt 393 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, nó

**II.** do **chomhlacht gairmiúil forordaithe** tuairisc a thabhairt, i bhformáid chaighdeánach, don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach más rud é go gcinneann coiste araíonachta nó binse nár choimeád duine amháin de chomhaltaí an chomhlachta sin taifid chuí le linn (a) foirceannadh nó (b) glacadóireacht nó (c) scrúdaitheoireacht a sheoladh, nó go bhfuil forais réasúnacha ag coiste araíonachta nó ag binse chun a chreidiúint go ndearnadh cion de chuid earnáil 1 nó 2. Tagann an oibleagáid tuairiscithe sin chun cinn faoi ailt 688, 448 agus 558 faoi seach d'Acht na gCuideachtaí, 2014, nó

**III.** do **chomhlacht cuntasóirí aitheanta** tuairisc a thabhairt, i bhformáid chaighdeánach, don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach más rud é go bhfuil forais réasúnacha aige chun a chreidiúint gur féidir go ndearna duine cion de chuid earnáil 1 nó 2 faoi Acht na gCuideachtaí le linn don duine sin a bheith ina c(h)omhalta den chomhlacht lena mbaineann. Tagann an oibleagáid tuairiscithe sin chun cinn faoi alt 931(8) d'Acht na gCuideachtaí, 2014.

**Féadfar an fhoirm seo a úsáid freisin chun tuairisc a thabhairt ar chionta indíotáilte a rinneadh faoi Acht na gCuideachtaí nó faoi reachtaíocht iomchuí eile roimh thosach feidhme Acht na gCuideachtaí, 2014. I gcásanna den sórt sin, féadfar na tagairtí uile do chionta de chuid earnáil 1 nó 2 a léamh mar thagairtí do chionta indíotáilte.**

Leagtar amach san fhoirm freisin an cineál faisnéise a éilítear chun a chur ar chumas an Údaráis agus a fhoirne meastóireacht a dhéanamh ar an tuairisc mar is ceart. Má thagann iniúchóir, comhlachas gairmiúil forordaithe nó comhlacht cuntasaíochta aitheanta ar an tuairim gur tharla cion de chuid earnáil 1 nó 2 de réir bhrí na n-alt thuas, féadfar an fhoirm seo a chomhlánú agus a chur ar aghaidh chuig an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach i dteannta aon fhianaise dhoiciméadach tacaíochta nó aon fhianaise eile.

**Sula gcomhlánóidh tú an fhoirm, léigh na nótaí thíos.**

**<u>Nótaí maidir leis an bhfoirm a chomhlánú</u>**

1. Ba cheart do gach duine agus/nó do gach comhlacht atá ag tuairisciú freagra a thabhairt ar cheisteanna 1, 2 agus 15.

2. De bhreis air sin,

- Ba cheart d'iniúchóirí atá ag tuairisciú faoi phointe (i) thuas, i.e., tuairisc a thabhairt ar chion amhrasta de chuid earnáil 1 nó 2 faoi alt 393 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, ceisteanna 3 go 7 a chomhlánú.

- Ba cheart do chomhlachtaí gairmiúla forordaithe atá ag tuairisciú faoi phointe (ii) thuas, i.e., tuairisc a thabhairt ar chinneadh gur mhainnigh leachtaitheoir, glacadóir nó scrúdaitheoir taifid chuí a choimeád faoi ailt 688, 448 agus 558 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, ceisteanna 8 go 11 a chomhlánú.

- Ba cheart do chomhlachtaí gairmiúla forordaithe agus do chomhlachtaí cuntasaíochta aitheanta atá ag tuairisciú faoi phointí (ii) nó (iii) thuas, i.e., tuairisc a thabhairt ar fhorais réasúnacha chun a chreidiúint go ndearna comhalta cion de chuid earnáil 1 nó 2 faoi ailt 688, 448, 558 agus 931(4) d'Acht na gCuideachtaí, 2014, ceist 10 agus ceisteanna 12 go 14 a chomhlánú.

## 1. Mionsonraí an Iniúchóra / an Chomhlachta

Teideal (An tUas./Uas./Iníon) Céadainm / Sloinne:

Ainm an Chomhlachta Tuairiscithe / an Ghnólachta Tuairiscithe:

Foráil reachtúil faoina bhfuil an tuairisc á tabhairt, i.e., **ailt 393, 448, 558, 688 nó 931(4) d'Acht na gCuideachtaí, 2014**

Seoladh Poist (Éirchód san áireamh):

Seoladh Ríomhphoist:

Uimhir Theileafóin/Uimhreacha Teileafóin:

**Fón Gnó:**

**Fón Póca:**

**Eile, má bhaineann**:

Uimhir Facs:

## 2. Mionsonraí an Duine/na nDaoine atá tú ag Tuairisciú

Teideal (An tUas./Uas./Iníon) Céadainm / Sloinne:

Ainm na Cuideachta agus Uimhir na Cuideachta leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (má bhaineann):

Seoladh/Seoltaí (Éirchód san áireamh):

Fón Gnó:

Fón Baile:

Seoladh Ríomhphoist:

Uimhir Theileafóin/Uimhreacha Teileafóin:

Fón Gnó:

Fón Póca:

Eile, má bhaineann:

Uimhir Facs:

**3. Ar pléadh an ní leis na stiúrthóirí, leis an oifigeach/leis na hoifigigh, nó leis an ngníomhaire/leis na gníomhairí?**

Má pléadh, cuir in iúl cé acu a d'fheidhmigh nó nár fheidhmigh na daoine sin an rogha chun ráiteas leithleach a thabhairt don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus, má d'fheidhmigh, cuir in iúl cé acu atá an ráiteas sin ag gabháil le do thuairisc nó atá an ráiteas sin le teacht faoi chlúdach leithleach.

| |
|---|
| |

**4. Mionsonraí faoin gcion amhrasta/faoi na cionta amhrasta de chuid earnáil 1 nó 2.**

Má theastaíonn tuilleadh spáis uait, cuir bileoga breise leis.

| |
|---|
| |

**5. Mionsonraí faoi na forais ar ar tháinig tú ar an tuairim go ndearnadh cion de chuid earnáil 1 nó 2.**

Ba cheart duit a chinntiú go bhfuil na mionsonraí a thugtar mionsonraithe go leor chun go mbeidh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach in ann gníomhaíocht chuí a dhéanamh. Má theastaíonn tuilleadh spáis uait, cuir bileoga breise leis.

**6. Tabhair mionsonraí faoin gcomhthéacs ina bhfuil do thuairisc á tabhairt**
e.g., an méid a imscrúdaíodh na himthosca ba chúis leis an ní, cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh bearta chun an ní a réiteach, etc.
Má theastaíonn tuilleadh spáis uait, cuir bileoga breise leis.

**7. Faisnéis ábhartha eile, más ann.**

**8. Tabhair mionsonraí faoi conas a tháinig an ní seo ar aird an Chomhlachta ar dtús.**
Má theastaíonn tuilleadh spáis uait, cuir bileoga breise leis.

**9. Tabhair mionsonraí faoin ní/faoi na nithe ba chúis leis an tuairisc agus faoin bpróiseas araíonachta a sheol an Comhlacht.**

| |
|---|
| |

**10. Tabhair mionsonraí faoi na cinntí ó phróiseas araíonachta an Chomhlachta agus faoi aon ghníomhaíocht araíonachta a rinneadh in aghaidh an chomhalta**, e.g., fíneáil a fhorchur, ainm an chomhlachta a fhoilsiú sa phreas gairmiúil, eisiamh, etc.

Ba cheart cóipeanna den ábhar ábhartha ar fad lena dtacaítear leis na cinntí a thabhairt freisin, mar aon le cóip den ordú toilithe i gcás go mbaineann.

Ba cheart duit a chinntiú go bhfuil na mionsonraí a thugtar mionsonraithe go leor chun go mbeidh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach in ann gníomhaíocht chuí a dhéanamh. Má theastaíonn tuilleadh spáis uait, cuir bileoga breise leis.

| |
|---|
| |

**11. Faisnéis ábhartha eile, más ann.**

| |
|---|
| |

**12. Tabhair mionsonraí faoin gcion amhrasta/faoi na cionta amhrasta agus faoi na himthosca inar tháinig siad ar aird.**
Má theastaíonn tuilleadh spáis uait, cuir bileoga breise leis.

| |
|---|
| |

**13. Tabhair mionsonraí faoi na forais chun a chreidiúint go ndearnadh cion de chuid earnáil 1 nó 2.** Ba cheart an doiciméadacht ábhartha ar fad lena dtacaítear leis an gcreideamh gur ann d'fhorais a thabhairt freisin, mar aon le dátaí ábhartha. Ba cheart an fhaisnéis a thugtar a bheith leordhóthanach chun go mbeidh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach in ann an ghníomhaíocht chuí a dhéanamh. Má theastaíonn tuilleadh spáis uait, cuir bileoga breise leis.

| |
|---|
| |

**14. Faisnéis ábhartha eile** (más ann).

| |
|---|
| |

**15. Dearbhú**

Deimhním gur ceart de réir mar is fearr is eol dom agus a chreidim atá an fhaisnéis atá sa tuairisc seo.

**Síniú:** **Dáta:**

**Post sa Ghnólacht/sa Chomhlacht, e.g., Páirtí, Rúnaí, etc.**

---

Ar an bhfoirm a chomhlánú, ba cheart an fhoirm chomhlánaithe seo agus an doiciméadacht ghaolmhar a sheoladh ar aghaidh tríd an bpost chuig an seoladh seo:

Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach
16 Cearnóg Parnell Thoir
Baile Átha Cliath 1
D01 W5C2

nó trí ríomhphost chuig:

complaints@cea.gov.ie

Is féidir tuilleadh cóipeanna den fhoirm seo a fháil trí theagmháil a dhéanamh leis an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach trí ghlao a chur ar 01 858 5800, trí fhacs a sheoladh chuig 01 858 5801 nó trí ríomhphost a sheoladh chuig info@cea.gov.ie.

Tá foirmeacha ar fáil freisin lena n-íoslódáil ar shuíomh Gréasáin an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach ag http://www.cea.gov.ie.